Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**17055/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0327(NLE)**

**ECOFIN 1524**
**FIN 1138**
**UEM 489**
**CADREFIN 226**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ghréig an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 27 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 agus an 16 Iúil 2024[3].

(2) An 21 Deireadh Fómhair 2024, rinne an Ghréig iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach a thuilleadh go páirteach de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an nGréig.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ghréig isteach de bharr imthosca oibiachtúla, baineann siad le 24 bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10152/21 agus ST 10152/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 15831/23, ST 15831/23 ADD 1, ST 11858/24 agus ST 11858/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Ghréig nach féidir garsprioc 33 agus sprioc 36 de bheart 16874 (Fuinneamh agus fiontraíocht) faoi chomhchuid 1.2 (Athchóiriú), chomh maith leis na ceanglais a leagtar amach sa tuairisc den bheart sin, a bhaint amach a thuilleadh go páirteach, mar gheall ar easpa éilimh. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí raon feidhme na garsprice sin agus raon feidhme na sprice sin a laghdú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an Ghréig nach féidir garsprioc 38 de bheart 16873 (Idirghabhálacha i limistéir chónaithe agus sa stoc foirgneamh) faoi chomhchuid 1.2 (Athchóiriú) a bhaint amach a thuilleadh go páirteach, mar gheall ar shaincheisteanna dlí gan choinne a bhaineann le fothionscadal amháin. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí raon feidhme na garsprice sin a laghdú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Mhínigh an Ghréig go ndearnadh ceithre bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme, chun uaillmhian bhunaidh na mbeart sin a bhaint amach. Baineann sé sin leis an tuairisc, garsprioc 142a agus garsprioc nua 142b de bheart 16746 (Athchóiriú ar Bheartais Éighníomhacha an Mhargaidh Saothair chun Tacú le hAistrithe chuig an bhFostaíocht) faoi chomhchuid 3.1 (Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn); garsprioc 146 de bheart 16792 (Sciliú, athsciliú agus uas-sciliú an luchta saothair trí shamhail oiliúna athchóirithe) faoi chomhchuid 3.2 (Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna); an tuairisc agus sprioc 162 de bheart 16820 (Athchóiriú i réimsí na meabhairshláinte agus na handúile) faoi chomhchuid 3.3 (Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú); agus an tuairisc agus spriocanna 326, 326a, 327, 327a, 328, 328a, 329 agus 330 de bheart 16980 (Saoráid Iasachta) faoi chomhchuid 4.7 (Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí príobháideacha agus onnmhairí a chur chun cinn). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí na garspriocanna, na spriocanna agus na bearta thuasluaite a leasú. Go háirithe, tá sé molta ag an nGréig garsprioc nua 142b a chur in áit cuid de gharsprioc 142a de bheart 16746, chun torthaí staidéir atá le teacht a chur san áireamh. Thairis sin, tá leathnú ar raon feidhme bheart 16820 molta ag an nGréig. Thairis sin, tá athrú ar chuid de raon feidhme garsprice 146 de bheart 16792 molta ag an nGréig, ar féidir í a chur i gcrích ar bhealach níos fearr trí mhodhanna eile. Thairis sin, tá athbhreithniú ar spriocanna 326, 326a, 327, 327a, 328, 328a, 329 agus 330 de bheart 16980 molta ag an nGréig, chun tosaíochtaí náisiúnta criticiúla nua a chistiú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Ghréig go ndearnadh 11 bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach san am céanna. Baineann sé sin le garspriocanna 147, 150 agus 151 de bheart 16289 (Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna & Nuálaíocht) faoi chomhchuid 3.2 (Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna); an tuairisc agus garsprioc 12 de bheart 16901 (uasghráduithe líonra Oibritheoir an Líonra Dáileacháin Leictreachais Heilléanaigh (HEDNO) lena ndírítear ar an athléimneacht a fheabhsú agus an comhshaol a chosaint), garsprioc 13 de bheart 16900 (uasghrádú ar líonra lastuas Oibritheoir an Líonra Dáileacháin Leictreachais Heilléanaigh (HEDNO) i limistéir foraoise), agus an tuairisc agus garsprioc 14 de bheart 16899 (méadú ar thoilleadh suiteáilte i bhfostáisiúin Ard/Meánvoltais Oibritheoir an Líonra Dáileacháin Leictreachais Heilléanaigh (HEDNO) le haghaidh ceangail foinse fuinnimh in-athnuaite nua) faoi chomhchuid 1.1 (Cumhachtú); an tuairisc agus spriocanna 23, 24, 25 agus 26 de bheart 16872 (Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe) agus an tuairisc, garsprioc 28 agus sprioc 29 de bheart 16879 (Pleananna Uirbeacha a ullmhú i gcur chun feidhme athchóiriú an bheartais uirbigh) faoi chomhchuid 1.2 (Athchóiriú); an tuairisc ar bheart 16831 (Produc-E Green) faoi chomhchuid 1.3 (Athluchtú agus athbhreoslú); an tuairisc ar bheart 16911 (Aermhodhanna le haghaidh bainistithe géarchéime) faoi chomhchuid 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil);

garsprioc 337 de bheart 16985 (Modhnú ar chreat beartais cánach na Gréige) faoi chomhchuid 4.1 (Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach); agus an tuairisc agus garspriocanna 303 agus 308 de bheart 16593 (Leasú ar an gcreat dlíthiúil chun infheistíocht straitéiseach a mhealladh) agus garsprioc 279 de bheart 16486 (Músaem seaniarsmaí faoi uisce) faoi chomhchuid 4.6 (Athléimneacht príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí téacs na ngarspriocanna a shoiléiriú agus a shimpliú ionas go mbainfí faisnéis chúlra nó eilimintí nós imeachta nach bhfuil gá leo agus nach rannchuidíonn le cuspóirí na mbeart a bhaint amach, agus go soiléireofaí go mbaineann eilimintí áirithe le cuspóirí nó comhthéacs na mbeart. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) D’iarr an Ghréig freisin acmhainní atá ar fáil de bharr laghdú bheart 16980 (Saoráid Iasachta) faoi chomhchuid 4.7 (Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí príobháideacha agus onnmhairí a chur chun cinn) a úsáid, faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, chun trí bheart nua a chur leis. Baineann sé sin le garspriocanna nua 378, 379, 380 agus 381 faoi bheart 16400 (Clár Tithíochta Inacmhainne ‘MY HOME II’) faoi chomhchuid 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); agus garspriocanna nua 374, 375, 376 agus 377 faoi bheart 16401 (Clár Uasghrádaithe Fuinnimh ‘UPGRADE MY HOME’) faoi chomhchuid 1.2 (Athchóiriú). Cuireadh athchóiriú comhlántach leis le tabhairt isteach gharspriocanna 181 agus 181a nua faoi bheart 16402 (Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne) faoi chomhchuid 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú). Thairis sin, d’iarr an Ghréig go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme riachtanach ceithre bheart a ardú. Baineann sé sin leis an tuairisc agus le spriocanna 163, 164 agus 164a de bheart 16756 (Athchóirithe Eagraíochtúla sa Chóras Sláinte) faoi chomhchuid 3.3 (Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chórais sláinte a fheabhsú); an tuairisc agus garspriocanna 62a agus 63 de bheart 16849 (An Plean Athfhoraoisithe Náisiúnta ‘antiNERO’) faoi chomhchuid 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); an tuairisc, garsprioc 367 agus sprioc 369 de bheart 16994 (Éifeachtúlacht Fuinnimh agus foinsí fuinnimh in-athnuaite (RES) a chur chun cinn le haghaidh uath-ídiú) faoi chomhchuid 5.2 (Infheistíochtaí REPowerEU); agus garsprioc 59a de bheart 16772 (An dlí maidir le bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe a chur chun feidhme) faoi chomhchuid 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(9) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an nGréig, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(10) Ba cheart dáileadh na ngarspriocanna agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Ghréig i láthair a chur san áireamh.

Measúnú an Choimisiúin

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-  áirítear an bhithéagsúlacht

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chuireann go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá inti 38,0 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe agus 81,6 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(13) Coinnítear ar bun sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe bearta lena dtacaítear leis an aistriú glas a rannchuidíonn le spriocanna 2030-2050 a bhaint amach agus le cuspóir an Aontais a bheith aeráidneodrachta faoi 2050 a bhaint amach, agus cothaítear an bhithéagsúlacht leis freisin. Mar shampla, tá méadú mór tagtha ar uaillmhian an bhirt maidir le hathfhoraoisiú agus athchóiriú (16849) sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

(14) Sa bhreis ar na bearta sa chéad phlean téarnaimh agus athléimneachta, le bearta i gcaibidil REPowerEU na Gréige, déantar laghdú suntasach ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear sa Ghréig agus rannchuidíonn siad leis na spriocanna 2030-2050 a bhaint amach agus le cuspóir an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050 a bhaint amach, agus ar an gcaoi sin rannchuidíonn siad go dearfach leis an aistriú glas. Tá sé d’aidhm ag na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa chaibidil REPowerEU bearta coigilte fuinnimh a dhreasú, soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus dlús a chur le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear uirlisí beartais a bhunú chun comhroinnt fuinnimh, uath-ídiú choitinn leictreachais agus comhphobail fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. Ina theannta sin, cumhdaítear le bearta REPowerEU infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh toilleadh stórála leictreachais a neartú agus athchóiriú chun teicneolaíochtaí agus cleachtais chliste eangach a chur chun cinn i margadh leictreachais na Gréige. Cuireann na bearta sin go léir leis an aistriú glas sa Ghréig ar bhealach dearfach tríd an éileamh ar fhuinneamh a laghdú, trí éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus tríd an aistriú ó fhoinsí ard-astaithe fuinnimh go foinsí fuinnimh in-athnuaite a luathú.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá inti 21,4 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(16) Cuireann na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe leis an aistriú digiteach i gcónaí nó leanann siad de bheith ag cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin ghaolmhara agus le haghaidh a thabhairt ar bhealach dearfach ar easnaimh na Gréige sa réimse digiteach, mar a shainaithnítear i dtuarascáil 2024 ar Staid na Deacáide Digití, an dara tuarascáil dá leithéid. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, tá aghaidh á tabhairt go mór i gcónaí ar na dúshláin maidir leis an aistriú digiteach atá ag an nGréig i réimsí na nascachta, na seirbhísí poiblí digiteacha, an chaipitil dhaonna agus na scileanna digiteacha, i ndigiteáil gnólachtaí agus i nglacadh na hardteicneolaíochta digití.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A), maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin, dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(18) Déantar measúnú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa treoraíocht theicniúil a thugtar san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoraíocht theicniúil maidir le cur i bhfeidhm "gan dochar suntasach a dhéanamh" faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta'[5].

(19) Thíolaic an Ghréig measúnú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' le haghaidh gach beart nua agus gach beart a ndearnadh athbhreithniú air ar bhealach substaintiúil, den phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe. Léiríonn an fhaisnéis a cuireadh ar fáil go meastar go n-áiritheoidh an plean go gcomhlíonfar an prionsabal sin. Leis an bhfaisnéis a chuir an Ghréig ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar leis an bplean nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

---

[4] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, p. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

[5] IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

Costáil

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(21) An t-údar sin a sholáthar an Ghréig maidir le méid chostais mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta, bhí sé measartha réasúnta agus inchreidte agus ag teacht le prionsabal na costéifeachtúlachta. Chuir an Ghréig faisnéis agus fianaise leordhóthanach ar fáil nach raibh na costais mheasta cuimsithe le maoiniú reatha nó beartaithe ón Aontas. I líon teoranta cásanna, áfach, níorbh fhéidir bunús leordhóthanach a thabhairt le meastacháin ar chostais. Ar an iomlán, éilíonn sé sin rátáil B faoi chritéar measúnaithe Airteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241.

Measúnú dearfach

(22) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, na garspriocanna, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Ranníocaíocht airgeadais

(23) Is é EUR 36 612 904 139 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gréige. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ghréig, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20(4) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gréige a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta uasta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gréige. EUR 18 220 378 076 atá sa mhéid sin.

Iasachtaí

(24) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Ghréig dar luach EUR 17 727 538 920.

(25) I gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2021/241, measann an Coimisiún go bhféadfadh méid na tacaíochta iasachta don Ghréig a bheith níos mó ná an uasmhéid 6,8 %, agus na cúiseanna a chuir an Ghréig chun cinn agus na hiarrataí ar thacaíocht iasachta ó Bhallstáit eile arna gcur san áireamh agus prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta arna gcur i bhfeidhm.

(26) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gréige a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an tráthchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh air agus lena chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus na spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an bPoblacht Heilléanach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*